Uimhir 1 25 Eanair 1

# Nuacht Feirste

Sinn Féin

Táille 10p

## Eagarfhocal

**FÁILTE romhaibh chuig leathanaigh *Nuacht Feirste,* nuachtlitir Roinn an Chultúir de Shinn Féin agus an nuachtán Gaeilge is úire (agus is lú) in Eirinn.**

De thairbhe fadhbanna móra a bheith ag *LÁ,* nuachtán laethúil na nGael, shocair Sinn Féin ar nuachtán beag a fhoilsiú gach seachtain le Gaeilgeoirí Bhéal Feirste a choinneáil ar an eolas fá mhór-imeachtaí na teanga. Is é mian Sinn Féin nach fada go mbeidh *LÁ* arais againn agus tá tugtha le fios againn do fhoireann *LÁ* go bhfuighfidh siad gach tacaíocht ón phairtí s'againne leis an páipéar a chur ar a bhonnaí arís. Is é an rún atá againn fosta na stopadh de fhoilsiú an nuachtáin seo nuair a thig *LÁ* arais.

Cé gur páipéar páirtí (nó paipéar bolscaireachta) atá sa nuachtlitir seo déanfaimid ár ndícheall eolas a chur ar fháil fá chursaí na Gaeilge go ginearálta. Fáilteofar fosta roimh bhlúirí eolais, roimh fhógraí agus roimh litreacha onár léitheoirí.

In áit eile sa nuachtán seo tá tuairisc ar chruinniú atá á thionól ag Meán le staid na Gaeilge ar na mor-mheáin chumarsáide a phlé. I gcónaí chuir Gaeil na cathrach béim ar féinfhorbairt agus chrom siad ar chur chun cinn na Gaeilge, cuma iad é an dearcadh naimhdeach a bhí ag na húdaráis.

### FÁILTE

Le blianta beaga anuas tá an dearcadh sin ag athrú agus cé nach staontar de chur chun cinn na teanga táthar ag éileamh cearta ar na húdaráis chomh maith. Ba chóir fáilte a chur roimh an chor nua seo i gcursaí na teanga agus tá sé de dhualgas orainn uilig cuidiú leis na feachtais eagsúla ar son cearta Gaeilge atá sa tsiúl.

Tacaimis mar sin le feachtas Meán, bímis i láthair ag an chruinniú agus ar ndóighe éistimis leis an fhorbairt is tábhachtaí i saol na Gaeilge le tamall de bhlianta, Raidio Feirste.



## Fáinne Nua éadach

**TÁ AN Conradh Ceilteach i Londain i ndiaidh iarraidh ar Oifig Thuaisceart Éireann cead a thabhairt do chimí poblachtacha suaitheantas éadaigh in áit fáinne na Gaeilge, a bhfuil cosc air sna priosúin, a chaitheamh.**

I litir chuig stát-rúnaí nua na Breataine sna sé chondae, Tom King, dúirt rúnaí an Chonartha i Londain, Séamus Ó Coileáin, gur cóir nach mbeadh aon fadhb slandála ag údaráis an phríosúin le suaitheantas den chineál seo. Tá ráite cheana ag an NIO gur ar bhonn slándála atá an Fáinne Nua Gaeilge cosctha.


Cuireadh moladh Uí Choileáin chun tosaigh ar Chomhchoiste an tSuaitheantais, an eagraíocht a stiúrann gnoithe an fháinne agus má ghlacann siad leis go bhfuil gá le fáinne nua éadaigh cuirfear ceann ar fáil. Roimhe seo cheap an comhchoiste beirt chime mar iarraithe don fháinne agus reachtaítear scrúdú an fháinne go tráth-rialta sna H-Blocanna

Ar na mallaibh d'éirigh le cúigear fear as na blocanna i scrúdú an fháinne. Ina measc bhí ceathrar as Béal Feirste. De réir an chomhchoiste bhain 193 cime amach fáinne na Gaeilge le trí bliana anuas.

Is iad na cearta Gaeilge atá séanta ar na cimí:

- Ní cheadaítear litreacha Gaeilge, foilseacháin Ghaeilge (nó fiú an pheil Ghaelach).
- Tá cosc chomh maith ar an Aifreann Gaeilge.
- Tá cosc ar labhairt na Gaeilge le linn cuairteanna.
- Ní cheadaítear caitheamh an fháinne.

# Barry-aineolach ar Ghaeilg



**RINNE leas-chathaoirleach Chomhairle Mhachaire Fíolta, Lughaidh Mac Giolla Bhrighde ionsaí láidir ar Aire Gnothaí Eachtrannacha an tSaorstait Peter Barry i ndiaidh gur tuairiscíodh ar an *Irish Times* gur dhúirt Barry, *"what the Northern Ireland Office has done for the Irish language is worthy of commendation"*. Bhí Peter Barry ag caint le tuairisceoir Londain an *Irish Times* Conor O'Cleary ar 10ú Eanair.**

Cháin Mac Giolla Bhrighde ráiteas Barry agus dúirt go ndearna sé teagmháil le díograiseoirí cultúir tríd na sé chondae le fiafraí díobhtha an bhfuair siad cuidiú ón NIO:

*"Ní raibh duine ar bith as na heagraisí Gaeilge in ann innse dom fá oiread agus scéim amháin ar son na Gaeilge a bhí tionscnaithe ag Oifig Thuaisceart Éireann."*

### NEAMART

Dúirt sé go raibh eolas leitheadach i measc Gaeilgeoirí ar an neamart a bhí á dheanamh ag Oifig Thuaisceart Éireann sa Ghaeilge. I measc na samplaí den neamart seo bhí:

- Cosc ar labhairt na Gaeilge sna cúirteanna.
- Cosc ar an Aifreann Ghaeilge, ar fhoilseacháin Ghaeilge agus ar an pheil Ghaelach sna príosúin.
- Baint na ndeontas ACE de *LÁ* ar fhocal an NIO.
- Ní thugtar deontaisí do na naíonraithe Gaelacha, don ealaíon Ghaelach nó do na heagraisí Gaelacha. (Faigheann a macasamhail sa Bhreatain Bheag agus in Albain deontaisí.)
- Ní cheadaítear sráide, comharthaí comharthaí bóthair i
- Níl stádas oifig an Ghaeilge sna sé ch níl foirmeacha dá-th fáil).
- Baineadh an Ghaeilge amach as eamh nuair a rinnea chríochdheighilt agu adh arais í cé go fán Bhreathnais agu Ghaedhilg sna tíortha

### FAILLÍ

Arsa Mac Giolla Bh *Is toradh é ain ar an fhaillí atá déan agus ag rialtas Bhaile in eagraisí Gaeilge an*

Tá póstaer ag léi naimhdeach an NIO a foilsithe ag Sinn Fé eanna ar fáil ó Roinn 147 Bóthar Bhaile An

# Comhairle Ealaíona faoi bhrú

**TÁ an Comhairle Ealaíona sna sé chondae i ndiaidh freagra a thabhairt ar liomhaintí a rinne Sinn Féin. Dúirt urlabhraí Shinn Féin Máirtín Ó Muilleoir gur dhiúltaigh an Comhairle Ealaíona oiread agus pingin amháin de bhuiséad £2.5 milliún anuraidh a chaitheamh ar sceimeanna Gaeilge.**

I litir chuig Ó Muilleoir deir stiúrthóir An Chomhairle Ealaíona J Kenneth Jamison, *"The fact that no grants for literature in Irish were made during 1984/85 is because no applications were submitted for assessment"*.

Ach dúirt Máirtín Ó Muilleoir go raibh sé 'do-chreidte' go bhfágfadh An Chomhairle Ealaíona an locht ar na Gaeilgeoirí iad féin mar leithscéal don ghanntanas airgid a bhí ar fáil do Ghaeilge.

Ar seisean:

*"Anuaraidh thug An Comhairle Ealaíona sna sé chondae £579,500 don Ulster Orchestra ach níor thug siad pingin rua don nuachtán, LÁ, do na drámaí Ghaeilge, do fheiseanna na dteanga nó do na hirisí Gaeilge cosúil leis an t-Ultach.*


*"Tá sé de dhualgas ar An Chomhairle Ealaíona teagmháil a dhéanamh leis na grúpaí seo."*

De réir foilsitheoir Coiscéim, Pádraig Ó Snodaigh, ní fíor nach bhfuair an chomhairle iarratais ar bith ar son na litríochta dúchasaí. Tá súil aige an cheist seo a thógáil arís.

# Léiritheo Gaeilge

**I LITIR chuig Sinn Féin tá tugtha le fios ag na gclárocha sa BBC, Arwel Ellis Owen, rún aige léiritheoir Gaeilge a cheapadh Cháisc.**

Seo an chéad uair ariamh a rinne an BBC iarracht duine ar leith a cheapadh do chláir Ghaeilge. Roimhe seo ba é Ciarán O hÉigeartaigh, faoi scáth Roinn na Scoileanna, a bhí i mbun cúrsaí Gaeilge sa staisiún.




Creideann Sinn Féin gur toradh cinneadh seo an BBC ar an bhrú atá á chur ar an staisiún ag Meán ag Raidío Feirste agus ag Roinn an Chultúir.

### LITIR

Ina litir dúirt Arwel Ellis Owen (cainteoir Breathanais) le ceann roinn an chultúir Máirtín Ó Muilleoir:

*"Ba mhian liom dearbhú a fháil go mbeadh airgead ar fáil le léiritheoir Gaeilge a cheapadh. Fuair mé an dearbhú sin inniu (8ú Eanáir). Mar sin de beidh mé ag fógairt an phoist nua go luath amach anseo agus go gceapfar duine Cháisc."*

Dúirt Máirtín gur céim sa treo sa cheapadh seo go gcuireann an bhfocal.

*"Ba chóir go cláir rialta raidío teilifíse roimh 1987,"* ar seisean.

lge

si.)
aítear comharthaí
rthaí tráchta nó
hair i nGaeilge.
s oifigiúil ar bith ag
sé chondae (m.sh.
dá-theangacha ar


an cheist fán
h as an daonáir-
rinneadh an tír a
t agus níor tug-
é go bhfuil ceist
s agus ceist fán
ortha sin.

AILLÍ
olla Bhrighde:
é aineolas Barry
déanta ag an NIO
Bhaile Átha Cliath
ge an tuaiscirt."
g léiriú dearcadh
NIO ar an Ghaeilge
n Féin. Tá cóip-
Roinn an Chultúir,
le Andarsan.

oir

e

s ag Ceannaire
ven, go bhfuil
adh roimh an




agus súil agam
duine roimh an

irtín Ó Muilleoir
treo cheart atá
seo a fhad is
n an BBC lena

r go bhfeicimis
aidio agus cláir
imh Dheireadh
sean.



# An Afraic Theas -gníomhaíocht de dhíth

**NÍL sé furast ceachtanna a fhoghlaim ón stair, nó b'fhéidir go bhfuil sé furast go leor in amanna na ceachtanna a fheiceáil, agus doiligh ina dhiaidh sin, rud éigean a dhéanamh fá dtaobh de.**

Ach tá rud amháin soiléir do dhuine ar bith a léann an stair, sé sin nach bhfanann rud ar bith go síor mar atá. Athraíonn cúrsaí. Níl mé ag rá go n-athraíonn siad as a stuaim féin. Bíonn gníomhaíocht de dhíth. Geobhaidh Éireannaigh mar shampla smacht ar a dtír féin uilig.

Cás eile ata ríshoiléir, ná cás na hAfraice Theas. Arís tá gleic mhillteanach do sheacanta ...ach tá an taoille i leith saoirse iomlán do na hAfraicigh dubha agus cibé daoine de shliocht na hEorpa atá sásta seasamh leo agus comhoibriú leo.

Tá 4.5 mhilliún de dhaoine dubha, tá 2.5 de chine measctha, milliún nó mar sin de na hIndiaigh a thug na Sasanaigh a sinsear ón Ind ins an aois seo caite agus 21 mhilliún de shliocht Afracach amháin.

Thug an Rialtas iarracht dhá sheomra, ceann 'dubh' agus ceann 'daite', a chur ar bun i 1985 ach níor bhac bunús na ndaoine leis na toghacháin. Rinneadh iarracht fosta 'tír' taobh istigh den Afraic Theas a thabhairt do gach treibh-deich dtír ar fad. Tá ag teip air sin anois fosta. Is cinnte go bhfuil baint idir seirbhís rúnda na hAfraice Theas agus na troideanna a bhriseann amach ó am go céile idir daoine dubha de threibheanna éagsúla.

Deir an Príomhaire PW Botha nach bhfuil sé beacht a rá go bhfuil mionlach de dhaoine bána sa tír agus deir sé, chan amháin nach ionann na hIndistigh, na daoine 'daite' agus na daoine dubha ach go bhfuil na daoine dubha féin roinnte i ndeich dtreibh.

Is eagraíocht frithchiníocht an ANC atá ag troid le saoirse a bhaint amach do gach duine sa tír, le tacaíocht s'againne tré bhaghcat ar earraí ón Afraic Theas is araile, agus troid cróga gnáthdhaoine na tíre beidh saoirse amach anseo ag muintir na hAfraice Theas.

## Cruinniú poiblí

A chara,

Beidh an brú-ghrupa Gaeilge Meán ag tionól cruinniú poiblí sa Mhuilleann, Sráid Mhic Chon Midhe, Dé Sathairn lú Feabhra ar 2pm. Ba mhór linn tú a bheith i láthair.

Beidh cainteoirí aithnidiúla ó na grúpaí Gaeilge agus ó na páirtithe polaitiúla ag an chruinniú.

Beidh liosta éilimh á chur roimh an chruinniú ag Meán agus tá súil againn tacaíocht a fháil do na héilimh sin uait (nó ó d'eagras). Chomh maith le plé ar na héilimh déanfar plé fosta ar an dóigh inar féidir na héilimh sin a bhaint amach.


'Siad na héilimh atá ag Meán don IBA agus don BBC:

- Clár teilifíse do fhoghlaimneoirí
- Clár teilifíse do chainteoirí Gaeilge
- Trí uair an chluig ar an radío gach seachtain
- Comhoibriú idir an IBA agus BBC ar chláir Ghaeilge
- Comhoibriú agus plé le Meán leis na héilimh seo a bhaint amach

Tá súil agam go dtacoidh tusa (nó d'eagras) go poiblí leis na héilimh seo.

Beidh an cruinniú i mBéarla agus i nGaeilge.

Máirtín Mac Aoídh,
Meán,
F/ch 22 St Peter's Row,
Béal Feirste 12.




TA an cúigiú heagrán de *Shaoirse*, iris Ghaeilge Sinn Féin, le fáil anois, idir ailt ar chúrsaí reatha, stair, litríocht agus saol an phriosúin tá saibhreas léitheoireachta san iris. I measc na bpiosaí is suimiúla, tá alt a thugann mionchuntas ar fheachtas na gCaogadaí agus alt faoin troid san Afraic Theas.

Luach IR£0.80, 65p airgead Sasanach.

# Gníomhaí cultúir sa Spáinn

**BHÍ comhairleoir as Béal Feirste mar ionadaí ag Sinn Féin ag Comhdháil cúig lá de náisiúin gan stáit a reachtáileadh i mBarcelona ón 26ú-31ú Nollaig.**


Tá aithne fhorleathan ar Phadraig Ó Maolchraoibhe, gníomhaí cultúir agus ionadaí tofa de chuid Sinn Féin, a bhí ag an chruinniú le 150 teachta eile ón Eoraip agus 70 cuairteoir ón 'Triú Domhain'.

I measc na ngrúpaí a bhí páirteach bhí Plaid Cymru, AEK (an grúpa cultúrtha is mó í dtír na mBascach) agus Polisario ón Saharah. Fosta bhí teachtaí ann ó Catalonia, ón Bhriotáin agus ó Alsace.

Tá an Chomhdháil á eagrú ag CIEMEN, grúpa cultúrtha i mBarcelona – príomhchathair Catalonia. Labhair Pádraig ag an Chomhdháil ar chúrsaí na hÉireann.

Ar seisean:

*"Faill iontach a bhí sa Chomhdháil seo le cur síos a dhéanamh ar chás ár dtíre féin agus fosta le módhanna nua chun ár dteanga a chúr chun cinn a fhoghlaim."*





# Brú na Bóinne

*LE DEASÚN BREATNACH*

**NACH mór an trua – ní deirim náire – gurb amhlaidh a cheapann a lán dar smaointeoirí gur i mBéarla a chaithfear gach rud a fhoilsiú mas rud mór atá le rá nó le miniú acu?**

Tá dhá shaothar im mheon agus an méid sin á scríobh agam, tá, *The Festival of Lughnasa* le Máire Mac Néill agus *Newgrange* leis an Ollamh Ó Ceallaigh, saothar chomh tábhachtach céanna, cheapfainn.

B'fhéidir gur chomhfhiosach atá sé, nach féidir le ceo ar bith a bheith folláin ná fiúntach gan séala an Bhéarla a bheith air, leoga. Nach bhfuil sé thar a bheith in am dúinn uilig fás suas?

Tá saothar an Niallaigh agam ach níor fhéad mé an ceann leis an gCeallach a cheannach ar chor ar bith. Ró-dhaor do mo leithéidí a leithéid (ar bhreis is £20 é in airgead an tSaorstáit). Ní hionann sin is a rá nach raibh deis agam *Newgrange* (b'fhearr ar fad Brugh na Bóinne mar ainm) a fheiceáil agus cuid de a léamh. Tá sé cruthaithe ag an gCeallach (nach maireann – grásta dó) gur sinne Brugh na Bóinne ná iarsma eile dá leithéid áit ar bith ar fud an domhain.

Tá sé os cionn 7,000 bliain d'aois. Bhí sé sean nuair a tháinig an chéad Ghael go hÉirinn agus bhí ardmheas againn i gcónaí air – tá litríocht na Gaeilge breac le caint faoi, go háirithe an tSeanGhaeilge.

### CRÉUMHAOIS

Am éigin sa Chréumhaois a cheapadh agus a rinneadh Brugh na Bóinne, ré na hOllmháthar. Sul má rinne an tOllamh Ó Ceallaigh a chuid thaighde ar Bhrugh na Bóinne b'amhlaidh a cheapadh gur ag an gCréit a bhí tosaíocht sna cúrsaí seo.

I dtír ar bith neamhspleách agus a leithéid i gceist dhéanfaí go leor, agus go bródúil, chun an t-eolas agus an foirgneamh a chur i láthair an domhain, ag tosú, b'fhéidir, le stampa a eisiúint mar cheiliúradh.

Ach ní stat neamhspleách Éire ná aon chuid di.

Is dócha go gcaithfidh Brugh na Bóinne fanacht giota beag eile go dtí go mbeidh daoine i gceannas in Éirinn nach bhfuil beagbeann ar aoinne ach ar phobal na hÉireann amháin agus gan aon leithscéal acu faoi sin, ach oiread.


**CUMANN RODAÍ MHIC CHORLAÍ**

Oíche Folk
Deardaoin

Oíche Cheoil
*(fáilte roimh Ghaeil)*
Dé hAoine

Oíche Luaín
Dara Rang Gaeilge

Oíche Mháirt
Bunrang

Oíche Chéadaoine
Bunrang agus Ard-Rang

**FÁILTE ROMHAIBH**

★★★★★★★★★★★★★★★★

Ar son Teach Cholm Cille

**Céilí Mór**

i gCumann Chluain Ard
8pm Dé Sathairn, I Feabhra
*Táille £1*

★★★★★★★★★★★★★★